



An Óige  
ag Bogadh

Tacaíonn an Eoraip le daoine óga

BÍ CRUTHAITHEACH

DÉAN STAIDÉAR

BOG THART

An Óige ag Bogadh:

Tacaíonn an Eoraip le daoine óga

GLAC PÁIRT FOGHLAIM

DO CHEARTA

OIBRIGH TRAENÁIL

BÍ DO SHAORÁLAÍ

DÉAN ATHRUITHE NUA

san EORAIP



Ní bheidh an Coimisiún Eorpach ná aon duine a ghníomhaíonn ar son an Choimisiúin freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an eolas atá san fhoilseachán seo.

© Grianghraf ar an gclúdach: 123RF / iStock

Le haghaidh aon úsáide nó atáirgthe grianghrafanna nach bhfuil faoi chóipcheart na Aontais Eorpaigh, ní mór cead a fháil ón sealbhóir cóipchirt (ó na sealbhóirí cóipchirt) féin. Bhí na naisc san fhoilseachán seo ceart tráth a críochnaíodh an scríbhinn.

***Seirbhís is ea Europe Direct a chabhróidh leat freagraí  
a fháil ar do cheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach***

**Uimhir shaorghlao (\*):  
00 800 6 7 8 9 10 11**

(\* Biónn an fhaisnéis a thugtar saor in aisce, agus formhór na nglanna  
(cé go bhféadfadh roinnt oibrítheoirí, boscaí gutháin nó óstáin táille a ghearradh ort).

Tá breis eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an Idirlíon (<http://europa.eu>).

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2014  
Print ISBN 978-92-79-35901-9 doi:10.2767/81033  
PDF ISBN 978-92-79-36362-7 doi:10.2767/98289

© An tAontas Eorpach, 2014  
Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoirse a admháil.

*Printed in Belgium*

ARNA CHLÓBHUALADH AR PHÁIPÉAR BÁN SAOR Ó CHLÓIRÍN DÚILÍ (ECF)

An bhfuil tú ag lorg post i do thír féin nó súil agat triail a bhaint as áit eile san Eoraip? Ar mhaith leat leanúint ar aghaidh le cuid de do chuid staidéar thar sáile? An bhfuil post agat cheana féin ach ar mhaith leat coinneáil ort ag feabhsú do chuid eolais? An bhfuil tú ag féachaint le cáilíochtaí níos fearr a fháil? An bhfuil sé de bhrionglóid agat do ghnó beag féin a chur ar bun? Ar mhaith leat obair dheonach a dhéanamh?

### **Is féidir leis an Eoraip cabhrú leat!**

Tá raon iomlán uirlisí éagsúla ag an Eoraip chun cabhrú leat do chuid brionglóidí a fhíorú.

### **An Eoraip agus daoine óga**

Cinnté is é Erasmus an clár Eorpach is iomráití do dhaoine óga — tugadh an seans dá bharr do bhreis is trí mhilliún duine staidéar nó socrúchán oibre a dhéanamh thar sáile ón mbliain

1987. Soláthraíonn suíomh EURES, ar tairseach soghluaisteachta na hEorpa é a bhfuil aithne go forleathan air freisin, rochtain ar bhreis is milliún post ar an idirlíon gach aon lá.

Ba mhór ag an Aontas Eorpach (AE) riamh todhchaí na ndaoine óga. Ach mar gheall ar an ardú fíormhór ar an dífhostaíocht i measc na n-óg, táimid tar éis cinneadh a dhéanamh spreagadh sa bhreis a thabhairt do chúrsaí.

Is iad na daoine óga todhchaí na hEorpa. Tá na rátaí dífhostaíochta reatha i measc na n-óg go hiomlán doghlactha agus cuireann siad ár rathúnas amach anseo i mbaol. An raibh a fhios agat gurb easpa cáilíochtaí agus taithí is cúis leis an bhfadhb seo go minic. An raibh a fhios agat freisin go bhfuil raon uirlisí nuálacha ar fáil ag an Eoraip sna réimsí sin féin?

## **Céard is féidir leis an Eoraip a dhéanamh duitse?**

Is “bosca uirlisí” atá i dtionscnamh an Óige ag Bogadh, a sheol an AE mar chuid den straitéis an Eoraip 2020, ina bhfuil bearta a chabhróidh leis na coinníollacha cearta a chruthú go mbeidh tú in ann do chuid cuspóirí gairme a bhaint amach. Caithfear an t-oidreachas a nuachóiriú, an fhoghlaim a chur in oiriúint do riachtanais an mhargaidh shaothair agus é a dhéanamh níos éasca am a chaitheamh thar sáile. D’fhéadfá a bheith ar dhuine de na 500 000 duine óg a bhainfidh tairbhe as clár soghluaisteachta i mbliana.

Chun tuilleadh faisnéise a thabhairt duit faoin tionscnamh seo agus faoi na cláir Eorpacha éagsúla atá ar fáil duit san oideachas, san oiliúint, sa chultúr, san fhostaíocht, san obair dheonach agus sa taighde, agus maidir le tionscnamh gnó, tá feachtas faisnéise an Óige ag Bogadh seolta ag an gCoimisiún Eorpach. Tugtar cuireadh duit páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí, do chuid taithí a roinnt agus ceisteanna a ardú.

Faigh amach eolas faoi céard is féidir leis an Eoraip a dhéanamh duitse!

Mar fhreagairt don ghéarchéim fostaíochta atá ag dul i gcion ar dhaoine óga na hEorpa, tá Pacáiste Fostaíochta don Óige curtha le chéile ag an gCoimisiún, ar sraith beart é a chabhróidh le tíortha an AE dul i ngleic le leibhéil dhoghlaclachta ógdhífhostaíochta agus eisiamh shóisialta trí rochtain ar oideachas, ar oiliúint agus ar phoist a sholáthar.

Tabharfar léargas ginearálta duit sa bhróisiúr seo ar na cláir agus na gníomhaíochtaí a d’fhéadfadh a bheith úsáideach duit agus ... más mian leat go gcoinneofaí ar an eolas thú, bí linn ar Facebook: [Youth on the Move!](#)

An Óige ag Bogadh: <http://ec.europa.eu/youthonthemove>

Tairseach Eorpach na hÓige: <http://europa.eu/youth/ga>

Cúnamh agus comhairle faoin saol, faoi obair agus faoi thaisteal san AE:

<http://ec.europa.eu/youreurope>

Bí soghluaiste



An Óige  
ag Bogadh

Tacaíonn an Eoraip le daoine óga



san **EORAIP**

<http://ec.europa.eu/youthonthemove>

## **BOG THART: Bí soghluaiste**

Tá sé de cheart ag saoránaigh an AE staidéar agus obair a dhéanamh i mBallstát eile. Nuair a bhogann duine chuig tír choimhthíoch, faightear seans ar leith chun teanga nua agus scileanna nua a fhoghlaim agus chun teacht ar chultúr eile. Cuireann sé feabhas chomh maith ar an seans go bhfaighidh tú post.

Tá se mar chuspóir ag Erasmus+ (clár an AE um oideachas, oiliúint, an óige agus spórt don tréimhse 2014-20) scileanna agus infhostaitheacht a spreagadh, agus córais oideachais agus oiliúna a nuachóiriú.

Suíomh gréasáin na hÓige ag Bogadh: <http://ec.europa.eu/youthonthemove>

D'Eoraip: <http://ec.europa.eu/youreurope>

Erasmus+: [http://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/index\\_ga.htm](http://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/index_ga.htm)

An Tairseach Eorpach um Shoghluaisteacht ó Phost go Céile: <http://ec.europa.eu/eures>

Erasmus d'Fhiontraithe Óga: <http://www.erasmus-entrepreneurs.eu/index.php?lan=en>

Feabhsaigh do scileanna



An Óige  
ag Bogadh

Tacaíonn an Eoraip le daoine óga



<http://ec.europa.eu/youthonthemove>

san EORAIP

## **TRAENÁIL: Feabhsaigh do scileanna**

Tairgeann an AE raon iomlán deiseanna a chuireann ar do chumas oiliúint a fháil a bheidh ag teacht lena bhfuil tú ag súil leis agus le riachtanais an gheilleagair.

Is é Ciste Sóisialta na hEorpa an phríomhionstraim a thacaíonn le poist, a chabhraíonn le daoine poist níos fearr a fháil agus a chinntíonn go mbíonn deiseanna poist níos córa ag saoránaigh uile an AE. Infheistíonn sé i “gcaipiteal daonna” na Eorpa — i bhfocail eile, ina cuid oibrithe, daoine óga agus cuardaitheoirí poist.

Tairgeann Erasmus+ raon leathan roghanna do mhic léinn, do phrintísigh, do chéimithe le déanaí, do ghairmithe oideachais agus oiliúna agus do mhúinteoirí. Faoi Erasmus+ gheobhaidh 650 000 mac léinn agus printíseach gairme deontais chun staidéar nó oiliúint a dhéanamh thar sáile nó chun dul ag obair ann idir na blianta 2014 agus 2020.

Ciste Sóisialta n hEorpa: <http://ec.europa.eu/esf>

Erasmus+ (gairmoideachas agus gairmoiliúint): [http://ec.europa.eu/education/opportunities/vocational/index\\_en.htm](http://ec.europa.eu/education/opportunities/vocational/index_en.htm)

Erasmus d’Fhiontraithe Óga: <http://www.erasmus-entrepreneurs.eu>



Cuir le do stór eolais



An Óige  
ag Bogadh

Tacaíonn an Eoraip le daoine óga



<http://ec.europa.eu/youthonthemove>

san **EORAIP**

## **DÉAN STAIDÉAR: Cuir le do stór eolais**

Tá cláir éagsúla curtha ar bun ag an AE le cur ar chumas daoine de mhuintir na hEorpa staidéar a dhéanamh thar sáile. Trí na deiseanna sin a chur ar fáil, cuireann an AE ar do chumas eolas a fháil ar thíortha nua agus ar theangacha nua agus tugtar deis duit do thaithí a leathnú amach.

Idir na blianta 2014 agus 2020, soláthróidh Erasmus+ deontais (agus 450 000 cúrsa oiliúna) do dhá mhilliún mac léinn ardoideachais a bheidh in ann staidéar nó oiliúint a dhéanamh thar sáile.

Bainfidh mic léinn a bhfuil beartaithe acu céim mháistir iomlán a dhéanamh thar sáile tairbhe as scéim ráthaíochta iasachta a bheidh á reáchtáil ag bainc náisiúnta nó ag gníomhaireachtaí iasachtaí do mhic léinn a ndéanfaidh an Banc Eorpach Infheistíochta iad a roghnú.

Erasmus+ (ardoideachas): [http://ec.europa.eu/education/opportunities/higher-education/study-mobility\\_en.htm](http://ec.europa.eu/education/opportunities/higher-education/study-mobility_en.htm)

Roinn do thaithí



An Óige  
ag Bogadh

Tacaíonn an Eoraip le daoine óga



<http://ec.europa.eu/youthonthemove>

san **EORAIP**

## **FOGHLAIM: Roinn do thaithí**

Cuireann an AE an tsoghluaisteacht ó thaobh na foghlama chun cinn toisc gur cuid de bheith i do dhuine de mhuintir na hEorpa atá i gceist leis, agus is deis í a bhíonn ar fáil do gach duine óg san Eoraip. Cabhraíonn sí le glúine an lae inniu agus amach anseo aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua, mothú níos mó a bheith ina ndaoine de mhuintir na hEorpa agus obair as lámha a chéile.

Buíochas le Erasmus+, beidh deis ag breis is 500 000 duine óg páirt a ghlacadh i scéimeanna malairte don óige. Tacaíonn Erasmus+ chomh maith le comhpháirtíochtaí scoile a d'fhéadfadh cur ar chumas múinteoirí, daltaí, nó ranganna iomlána malartú a dhéanamh.

Erasmus+ (an óige): [http://ec.europa.eu/youth/programme/mobility/index\\_en.htm](http://ec.europa.eu/youth/programme/mobility/index_en.htm)

Erasmus+ (scoileanna): [http://ec.europa.eu/education/opportunities/school/institutions\\_en.htm](http://ec.europa.eu/education/opportunities/school/institutions_en.htm)

Roinn do bhuanna



An Óige  
ag Bogadh

Tacaíonn an Eoraip le daoine óga



san EORAIP

<http://ec.europa.eu/youthonthemove>

## GLAC PÁIRT: Roinn do bhuanna

Ba mhaith leis an AE go mbeidh cead cainte ag saoránaigh sna ceisteanna a bhaineann leo.

Ceadaíonn **tionscnamh Eorpach na saoránach** do mhíilliún saoránach de chuid an AE, a thagann le chéile, páirt dhíreach a ghlacadh i bhforbairt bheartais an AE, trína iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach togra reachtach a dhéanamh i réimse a bhfuil an-suim acu ann.

Mar chuid **d'agallamh struchtúrtha**, téann an AE i gcomhairle le daoine óga agus le heagraíochtaí don aos óg, ar gach leibhéal, ag Comhdhálacha an AE don Aos Óg agus i rith Sheachtain Óige na hEorpa.

Cuirtear neart eolais ar fáil i **dTairseach Eorpach na hÓige** agus cuireann sé ar chumas daoine óga ceisteanna a chur agus taithí a mhalartú.

Tionscnaimh Eorpacha na saoránach: <http://ec.europa.eu/citizens-initiative/public/welcome?lg=ga>

Agallamh agus malartú: [http://ec.europa.eu/youth/policy/implementation/dialogue\\_en.htm](http://ec.europa.eu/youth/policy/implementation/dialogue_en.htm)

Tairseach Eorpach na hÓige: <http://europa.eu/youth/ga>

**Aimsigh gairmeacha taighde**



**An Óige  
ag Bogadh**

Tacaíonn an Eoraip le daoine óga

**DÉAN TÁR HE**

**ATHRU**

**NUA**



**san EORAIP**

<http://ec.europa.eu/youthonthemove>

© An tUachtarán Eorpach / European Commission

## **DÉAN ATHRUITHE NUA: Aimsigh gairmeacha taighde**

Le gníomhartha Marie Skłodowska-Curie (GMScanna), cuirtear oiliúint agus forbairt ghairme ar fáil do thaighdeoirí i ndisciplíní eolaíochta trí shoghluaisteacht thras-earnála agus dhomhanda. Soláthraíonn GMScanna deontais do thaighdeoirí ag gach céim dá ngairmeacha beatha, idir iarrthóirí PhD agus taighdeoirí a bhfuil an-taithí acu. Is é seo príomhchlár an AE don oiliúint dhochtúireachta, agus soláthraíonn sé maoiniú do 25 000 PhD. Déantar é seo a chomhlánú le líonra Euraxess d'ionaid a chabhraíonn le taighdeoirí agus iad ag bogadh ó thír go tír trí fhaisnéis agus trí chúnamh a sholáthar faoi gach rud a bhaineann leis an saol gairmiúil agus leis an saol laethúil araon.

Cuireann an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht an nuálaíocht chun cinn trína thabhairt i gceann a chéile institiúidí ardoideachais, ionaid taighde agus gnóthais chun díriú ar dhúshláin, amhail fuinneamh, athrú aeráide agus an tsochaí faisnéise. Cuireann sí taighdeoirí, fiontrairthe agus mic léinn ag croílár a cuid iarrachtaí, ag tabhairt na scileanna cearta, an eolais cheart agus na ndearcraí cearta dóibh le smaointe nua a thabhairt go dtí an margadh agus le cruthú gnóthas a chothú.

Gníomhartha Marie Skłodowska-Curie: <http://ec.europa.eu/programmes/horizon2020/en/h2020-section/marie-sklodowska-curie-actions>

Euraxess: <http://ec.europa.eu/euraxess>

Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht: <http://eit.europa.eu>



Déan difríocht



An Óige  
ag Bogadh

Tacaíonn an Eoraip le daoine óga

BÍ DO  
SHAOIRÁLAÍ



san EORAIP

<http://ec.europa.eu/youthonthemove>

## **BÍ I DO SHAORÁLAÍ: Déan difríocht**

Meastar gur thug 100 milliún duine de mhuintir na hEorpa faoi ghníomh deonach de chineál éigin cheana féin. Leis an obair dheonach, tugtar an seans do dhuine difear a dhéanamh trí rannchuidiú le braistint níos mó de chomhtháthú agus de chomhréir sóisialta a chothú.

Cuirfidh Erasmus+ ar chumas tuilleadh daoine óga de mhuintir na hEorpa obair dheonach a dhéanamh. Chuir an AE tús chomh maith leis an gCór Daonchabhrach Saorálach Eorpach, a thabharfaidh an deis do dhaoine óga de mhuintir na hEorpa dlúthchomhar le daoine san angar a thaispeáint.

Erasmus+ (an óige): [http://ec.europa.eu/youth/programme/mobility/index\\_en.htm](http://ec.europa.eu/youth/programme/mobility/index_en.htm)

Oibrithe deonacha cabhrach an AE: [http://ec.europa.eu/echo/euaidvolunteers/index\\_en.htm](http://ec.europa.eu/echo/euaidvolunteers/index_en.htm)

Bain amach do mhianta



An Óige  
ag Bogadh

Tacaíonn an Eoraip le daoine óga



<http://ec.europa.eu/youthonthemove>

san **EORAIP**

## **BÍ CRUTHAITHEACH: Bain amach do mhianta**

Bunaíodh an tSaoráid Mhicreamhaoiniúcháin Eorpach um Dhul Chun Cinn sa bhliain 2010 chun cabhrú le hinstiúidí micreamhaoiniúcháin san AE iasachtú d'fhiontraithe neamhspleácha agus do ghnóthais neamhspleácha a mhéadú, ina bhfostaítear suas le deichniúr fostaithe. Dá bharr sin, d'fhéadfadh thart ar 45 000 iasacht ar mhéideanna chomh mór le EUR 25 000 a bheith á gcur ar fáil do dhaoine óga de mhuintir na hEorpa a dteastaíonn uathu a ngnóthais féin a bhunú. Tá líon níos mó cliant óg á thuairisciú cheana ag soláthraithe micreamhaoiniúcháin áirithe.

Ag tosú sa bhliain 2014, tabharfar le chéile faoin gClár um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta (EaSI) gníomhaíochtaí na dtírí chlár de chuid an AE a ndearnadh iad a bhainistiú ar leithligh roimhe seo: Dul Chun Cinn, EURES agus Micreamhaoiniúchán um Dhul Chun Cinn. Leanfaidh a thríú "ais" gníomhaíochtaí Micreamhaoiniúcháin um Dhul Chun Cinn agus soláthróidh sé maoiniú forbartha acmhainní chomh maith do sholáthraithe micreamhaoiniúcháin. Soláthróidh an clár tacaíocht chomh maith d'fhiontair shóisialta, iad siúd san áireamh a chabhraíonn le daoine óga a chur ar an mbealach chun na fostaíochta.

Leis an gclár Erasmus d'Fhiontraithe Óga, cuirtear ar chumas fiontraithe nua nó iad siúd ar mhaith leo bheith ina bhfiontraithe a fhoghlaim conas bheith i mbun gnó go rathúil trína oibriú le taobh fiontraí ó thír eile, a bhfuil taithí aige nó aici, ar feadh suas le sé mhí. Maoinítear an chuairt ag an AE.

An tSaoráid Mhicreamhaoiniúcháin Eorpach um Dhul Chun Cinn: <http://ec.europa.eu/epmf>

Erasmus d'Fhiontraithe Óga: <http://www.erasmus-entrepreneurs.eu>

Maoiniú AE do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide: <http://www.access2finance.eu>

An Clár um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta (EaSI): <http://ec.europa.eu/social/easi>

Bí ar an eolas



An Óige  
ag Bogadh

Tacaíonn an Eoraip le daoine óga



<http://ec.europa.eu/youthonthemove>

san **EORAIP**

## **DO CHEARTA: Bí ar an eolas**

Cinntíonn an AE gur féidir le gach duine de mhuintir na hEorpa leas a bhaint as a gcearta bunúsacha. Áirítear leo sin saoirse ón idirdhealú agus ón eisiámh, comhionannas idir fir agus mná agus an ceart chun cúnamh liachta a fháil. Ar fud na hEorpa, tacaíonn an AE le gníomhartha a bhfuil sé d'aidhm acu cur le feacht daoine ar an ngá atá leis an éagóir shóisialta a chomhrac agus le cosaint sonraí a chinntiú.

Limistéar Ceartais Eorpach a thógáil: <http://ec.europa.eu/justice>

Ag dul i ngleic le leithcheal: [http://ec.europa.eu/justice/discrimination/index\\_ga.htm](http://ec.europa.eu/justice/discrimination/index_ga.htm)

D'Eoraip: <http://ec.europa.eu/youreurope/citizens>

Bain amach do spriocanna



An Óige  
ag Bogadh

Tacaíonn an Eoraip le daoine óga



<http://ec.europa.eu/youthonthemove>

san EORAIP

## **OIBRIGH: Bain amach do spriocanna**

Bíonn sé deacair rochtain a fháil ar mhargadh an tsaothair, go háirithe do dhaoine óga. Tá go leor uirlisí éagsúla á soláthar ag an AE do gach saoránach Eorpach chun na deiseanna a bheidh acu ó thaobh post a fheabhsú. Is sampla amháin é Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE): baineann thart ar 10 milliún duine in aghaidh na bliana leas as na cláir a mhaoinítear ón gCiste seo, le daoine a chur isteach sa mhargadh saothair agus chun iad a chur faoi oiliúint. Sampla eile is ea an Tairseach Eorpach EURES um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile, lena sholáthraítear rochtain ar líne ar thart ar mhilliún folúntas poist. Scéim um shoghluaisteacht ó phost go céile is ea “Do chéad phost EURES” a chabhraíonn le daoine óga obair a fháil agus a chabhraíonn le fostóirí oibrithe a aimsiú. Tá sé mar chuspóir aici cuardaitheoirí poist agus daoine atá ag athrú a bpoist a mheaitseáil le folúntais i bpoist ar fud na hEorpa a bhfuil sé deacair iad a líonadh.

An meall is mó ar deireadh, soláthraíonn an Líonra Fiontar Eorpach raon leathan seirbhísí chun cabhrú le fiontraithe a gcuid gnó a leathnú san Eoraip agus lasmuigh di. Tá 600 comhpháirtí ag an Líonra i mbreis is 50 tír.

Ciste Sóisialta na hEorpa: <http://ec.europa.eu/esf>

EURES: <https://ec.europa.eu/eures/>

<http://ec.europa.eu/social/yourfirsteuresjob>

An Líonra Fiontar Eorpach: <http://een.ec.europa.eu>



## **Tabhair cuairt orainn ag:**

Suíomh gréasáin na hÓige ag Bogadh: <http://ec.europa.eu/youthonthemove>

An Óige ag Bogadh ar Facebook: <http://www.facebook.com/YouthontheMoveEurope>

Gailearaí grianghraf na hÓige ag Bogadh: <http://www.flickr.com/photos/socialeurope>



BÍ CRUTHAITHEACH  
DÉAN STAIDÉAR  
BOG THART  
GLAC PÁIRT FOGHLAIM  
DO CHEARTA  
OIBRIGH TRAENAIL  
BÍ I DO SHAORÁLAÍ  
DÉAN ATHRUITHE NUA

KE-01-14-136-GA-N



Oifig na bhFoilseachán